

Revenue

Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs



Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim 2026

■ Ár Misean

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe custam a chur i bhfeidhm.

■ Ár bhFís

Chun bheith ar cheann de na córais riartha chánach agus custam is mó chun tosaigh le muinín an phobail agus a bheith ar an rogha fostóra.

Ár gCreat Pleanála Straitéisí

1. Timthriall Straitéiseach Ilbhliantúil

Leagtar amach inár Ráiteas Straitéise 2026 go 2028 ár Misean, ár bhFís agus ár gCroíluachanna.

Leagtar amach ann freisin ár gculpóirí straitéiseacha :

- . Tacú le comhlíontacht shaorálach
- . Aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht
- . An t-éiceachóras cánach agus custam a neartú

2. Tosaíochtaí Bliantúla

Cuidíonn Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim 2026 linn ár gculpóirí a bhaint amach faoi cheithre thosaíocht straitéiseacha:

- . Barr Feabhais i Rannpháirtíocht Cáiníocóirí agus Trádálaithe
- . Comhlíontacht agus Forfheidhmiú
- . Daoine, Cultúr agus Cumais
- . Tacaíocht Beartais agus Ceannaireacht Idirnáisiúnta a Sholáthar

3. Pleananna Gnó

Leagtar amach i bPlean Gnó gach Rannóg de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim an clár oibre don Rannóg sin, lena n-áirítear a rannchuidiú le seachadadh na dtosaíochtaí corparáideacha bliantúla.

Sainithnítear ceithre thosaíocht straitéiseacha inár Ráiteas Straitéise 2026 go 2028. Léirítear iad seo ar na leathanaigh seo a leanas agus, i gcás gach ceann acu, tugtar achoimre ar an méid a bheidh á seachadadh againn in 2026, an chéad bhliain iomlán dár glár ama. Tógfaidh tosaíochtaí bliantúla amach anseo orthu sin de réir mar is gá nó cuirfidh siad le seachadadh gnéithe eile dár Ráiteas Straitéise.

Le linn shaolré an Ráitis Straitéise seo, leanfaidh muid orainn ag cur lenár gcuntas teiste maidir le teicneolaíocht chlaochlaitheach chun cur ar ár gcumas freastal ar an bpobal go cothrom agus go héifeachtúil, agus ardchaighdeáin ionracais, slándála agus muinín an phobail a chaomhnú ag an am céanna.



Ráiteas Straitéise 2026-2028

Barr Feabhais i Rannpháirtíocht Cáiníocóirí agus Trádálaithe

Leanfaidh muid orainn le cur i bhfeidhm céimnithe chun tuairisciú agus íoc cánacha agus dleachtanna a chomhtháthú go réidh i gcórais nádúrtha agus i dtaifid faoi réir forbairtí reachtacha.

Cuirfimid an clár oibre um nua-aosiú cánach agus dleachta chun cinn, lena n-áirítear CBL an AE san Aois Dhigiteach, Athchóiriú Custaim an AE agus Nua-Aoisiú Baincêireachta, chun cumais fhíor-ama a sholáthar thar chánacha agus dleachtanna móra.

Déanfaidh muid úsáid forbairtí eiticíúla IS a uasmhéadú chun oibríochtaí cúil a chuíchóiriú agus chun eispéireas na seirbhíse a fheabhsú, ag soláthar tacaíochta saincheaptha do cháiníocóirí ar mian leo teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim go digiteach.

Déanfaidh muid na comhpháirtíochtaí traidisiúnta cánach agus custaim a leathnú níos faide ná idirghabhálaithe cánach, chun gnóthaí, eintitis rialtais, bainc, cuideachtaí bogearraí, srl. a chur san áireamh, samhail rannpháirtíochta a thógáil ina dtagann gníomhaithe poiblí agus príobháideacha le chéile ar bhealach comhoibríoch.

In 2026, déanfaidh muid an méid seo:

- 1. Riarachán CBL a chlaochlú:** Cuirfear tús le hathdhearadh suntasach ar riarachán CBL na hÉireann trí ríomhshonrascadh éigeantach agus córais tuairiscithe digiteacha fíor-ama a thabhairt isteach. Is gné thábhachtach é an tionscnamh seo de thograí an AE maidir le CBL san Aois Dhigiteach (ViDA). In 2026 déanfaidh muid plé le gnólachtaí a bhfuil tionchar ag Céim 1 den rolladh amach ríomhshonrasctha agus ríomhthuaiscithe orthu.
- 2. Nuachóiriú Custaim a Chur Chun Cinn le haghaidh Trádála Slán:** Cuirfidh muid feabhas ar ár gcórais chustaim chun trádáil gan uaim agus slán a éascú. I measc na bpríomhghníomhartha tá Imréiteach Láraithe le haghaidh Iompórtála agus Easpórtála (CCI), tá cur i bhfeidhm ár gcóras nua iompórtála (AIS V2), chomh maith le bonneagar Uathaitheanta Uimhirphlátaí (ANPR) ag Calafort Ros Láir chun lóistíocht a shruthlíniú agus comhlíontacht a fheabhsú.
- 3. Córais Íocaíochta agus próiseála a nuachóiriú:** Cuirfidh muid Céim 2 dár gclár um Nuachóiriú Baincêireachta i bhfeidhm, cuirfear na socrúithe íocaíochta atá fágtha lenár Mol Íocaíochta lárnach agus déanfar treoracha íocaíochta atá ann cheana a athdhearadh. Cuirfidh muid tús freisin le mórchlár chun ár gcroíchóras Próiseála Comhtháite Cánachais (ITP) a nuachóiriú, lena saineofar raon feidhme, rialachas agus an treochlár seachadta.
- 4. Seirbhísí a fheabhsú le IS:** Bainfidh muid leas as IS chun seachadadh seirbhíse a bhunathrú chun feabhais do cháiníocóirí trí thacaíocht fheabhsaithe do ghníomhairí agus cumais féinseirbhíse cliste.



Ráiteas Straitéise 2026-2028

Comhlíontacht agus Forfheidhmiú

Leanfaimid orainn ag tógáil ar mhonatóireacht ar chomhlíontacht fíor-ama agus ar idirghabháil luath chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna comhlíontachta agus iad a réiteach, ag cinntiú go gcuirfear smachtbhannaí cuí i bhfeidhm ag an gcéim is luaithe agus is féidir.

Déanfaimid ár modheolaíochtaí measúnaithe riosca a bheachtú tuilleadh ag baint úsáid as ard-anailísíocht agus IS chun díriú níos fearr ar ár n-idirghabhálacha comhlíontachta agus chun an toradh is fearr a chinntiú ónár leithdháileadh acmhainní.

Cuirfidh muid le comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar imghabháil agus seachaint cánach agus dleachta, calaois chustaim, agus gáinneáil ar earraí toirmisce.

Oibreoidh muid i gcomhar le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cosaint do thomhaltóirí agus do ghnóthaí a neartú, lena n-áirítear rialuithe custaim a chur i bhfeidhm go háirithe le haghaidh ríomhThráchtáil.

In 2026, déanfaidh muid an méid seo:

- Dul i ngleic le Neamhthíolachtaí agus Fiachas a Bhainistiú:** Cuirfidh muid forálacha reachtacha nua i bhfeidhm chun meastacháin uathoibríocha a eisiúint do neamhthíolacóirí Cánach Ioncaim agus CC, ag spreagadh comhlíontacht tráthúil. Cuirfidh muid feabhas ar bhonneagar teicniúil ár gCóras Bainistíochta Fiachais (DMS) chun bainistíocht agus próiseáil éifeachtach cásanna dócmhainneachta a éascú.
- Comhlíontacht Trasteorann agus Ríomhthráchtála a Neartú:** Cuirfidh muid feabhas ar ár maoirseacht ar ríomhthráchtáil, comhoibreoimid le comhpháirtithe AE agus udaráis faireachais margaidh chun dul i ngleic le neamhchomhlíontacht, cuirfear táille láimhseála i bhfeidhm d'earraí ríomhthráchtála agus déanfar an riail De Minimis a bhaint. Glacfaidh muid páirt i gClár Tuairiscithe Íocaíochtaí Trasteorann (CESOP) an AE agus cinnteoidh go gcuirfear CBL rialacha Oiriúnach i bhfeidhm do ghnólachtaí neamh-AE.
- Cáin Iarchoimeáda (eWHT) a Nuachóiriú:** Tar éis comhairliúchán poiblí, déanfar anailís ar an aiseolas chun tograí a thabhairt chun críche maidir le córas nuachóirithe eWHT a dhearadh. Áireofar leis seo nuachóiriú na gcóras reatha maidir le Cáin Chonarthaí Iomchuí (CCI) agus Cáin Iarchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla (PSWT) agus a leathnú féideartha chuig réimsí eile.
- Cur i bhfeidhm an Cholúin a Dó:** Cuirfimid na córais riachtanacha i bhfeidhm agus déanfaimid straitéisí comhlíonta a dhearadh do chreat Cholún a Dó an ECFE (OECD). Cinnteoidh go riarfar an creat go rathúil trí bhonn an cháis a shainnithint agus trí chóras íocaíochta agus comhdaithe bunaithe ar fhéinmheasúnú a chur i bhfeidhm.



Ráiteas Straitéise 2026-2028

Daoine, Cultúr agus Cumais

Déanfaimid monatóireacht réamhghníomhach ar riachtanais cumais sa todhchaí agus cuirfear deiseanna ar fáil d'fhoghlaim leanúnach agus d'fhorbairt gairme.

Déanfaidh muid ár gcleachtais oibre a fhorbairt chun feabhas a chur ar sheachadadh ár misean, ar aon dul lenár gcroíluchanna, agus deiseanna gairme fiúntacha a thairiscint do bhaill foirne nua agus do bhaill foirne atá ann cheana.

Cuirfidh muid le cumais ceannaireachta agus bainistíochta ag gach leibhéal chun muid a chur in áit chun castachtaí inmheánacha agus seachtracha a nascleanúint go réidh agus athrú dearfach a chur chun cinn agus a chothú.

Cothóidh muid timpeallacht ina n-éiríonn le peirspictíochtaí éagsúla, agus go mbraitheann gach ball foirne go bhfuil meas agus cumhacht acu rannchuidiú.

Leathnóimid ár sealúchais sonraí, a bhfuil reachtaíocht mar bhonn taca acu, chun tacú le cánachas nádúrtha, chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn agus chun leanúint ar aghaidh ag neartú ár rialachas sonraí agus rúndacht cáiniocóirí a chosaint.

In 2026, déanfaidh muid an méid seo:

- 1. Cultúr ionchuimsitheach agus ardfheidhmíochta a chothú:** Déanfaidh muid bainistiú gníomhach ar fhiacha atá ar fáil lena mbailiú. Déanfaidh muid ár mBeartas nua um Socruithe Oibre a chur i bhfeidhm agus a leabú. Cuirfidh muid timpeallacht oibre chun cinn ina mbraitheann gach ball foirne go bhfuil meas orthu agus cumhacht acu. Bainfear é seo amach trínár dtionscnaimh um Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, lena ndéanfar feasacht a ardú ar ár mbeartais maidir le Dínit san Ionad Oibre, Cód Eitice na gCoimisinéirí Ioncaim, agus ár rannpháirtíocht le Plean Dualgas na hEarnála Poiblí do 2025-2028.
- 2. Cumarsáid Inmheánach Éifeachtach a chur i bhfeidhm:** Chun tacú lenár bhfís a bheith mar 'Rogha Fostóra', cuirfimid samhail nua cumarsáide inmheánaí i bhfeidhm chun ár gcultúr eagraíochtúil a aibhsiú agus chun cumarsáid dhá threo a chur chun cinn idir an fhoireann agus an bhainistíocht feidhmiúcháin. Déanfaidh muid tionchar an tsamhail seo a mheas i mbliana chun a chinntiú go bhfuil muid ag neartú ár gcumarsáid inmheánach ar bhonn leanúnach.
- 3. Cumas Eagraíochta a Thógáil:** Cruthóidh rolladh amach Chreat Inniúlachta na Státseirbhíse bealach nua chun tallann a bhainistiú, agus cinnteoidh an t-athbhreithniú agus tairiscint de chlár ceannaireachta nua go mbeidh na huirlisí ag bainisteoirí an eagraíochta a stiúradh tríd an tréimhse straitéiseach amach romhainn. Déanfaidh muid athbhreithniú freisin ar ár gCreat Straitéiseach Foghlama agus Forbartha agus leanfaimid orainn ag leathnú ár sraith uirlisí foghlama do bhaill foirne na gCoimisinéirí Ioncaim.
- 4. Rialachas Sonraí Eagraíochtúil a Neartú:** De réir mar a chuirtear Ardán Sonraí Aontaithe nua i bhfeidhm, forbróidh muid creat Rialachais agus Bainistíochta don eagraíocht, lena n-áireofar príomhróil agus freagrachtaí, maoirseacht agus rialachas a shainiú, agus na beartais agus an oiliúint a fhorbairt a theastaíonn chun bainistíocht éifeachtach sonraí a leabú inár n-oibríochtaí laethúla.



Ráiteas Straitéise 2026-2028

Tacaíocht Beartais agus Ceannaireacht Idirnáisiúnta

Leanfaidh muid de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Airgeadais le hanailís agus ionchur riaracháin a chur ar fáil chun tacú le forbairt beartais a chothromaíonn simplíocht, ceart agus cóir, agus a chosnaíonn bailiú cánacha don Státchiste.

Beidh ról ceannasach againn ag tacú leis an Aire Airgeadais agus leis an Roinn Airgeadais le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2026 maidir le cúrsaí cánach agus custaim.

Cuideoidh muid go gníomhach le caighdeáin idirnáisiúnta chánach agus chustaim a mhúnlú agus a chur chun feidhme trí rannpháirtíocht an ECFE, an AE, na Náisiún Aontaithe agus an EDC.

Cuirfidh muid le comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí rialtais eile chun seachadadh seirbhíse agus torthaí comhlíontachta a fheabhsú.

In 2026, déanfaidh muid an méid seo:

- 1. Tacú le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE:** Glacfaidh muid príomh ról le tacú leis an Aire Airgeadais agus leis an Roinn Airgeadais i gcúrsaí cánach agus custaim le linn Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh sa dara leath de 2026. Beidh ullmhúchán suntasach i gceist leis sin, chomh maith le cathaoirleacht a dhéanamh ar phríomhghrúpaí oibre an Aontais, agus dlúthchomhoibriú lenár gcomhpháirtithe Uachtaránachta (an Liotuáin agus an Ghréig) chun tosaíochtaí comhroinnte a chur chun cinn.
- 2. Príomhrialacháin AE agus Idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm:** Déanfaidh muid cinnte go gcuirfear an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) agus Rialachán an AE maidir le Dífhoraóisiú (EUDR) chun feidhme go hiomlán, ag obair le húdarais náisiúnta agus le comhpháirtithe trádála. Leanfaidh muid ar aghaidh leis an ról ríthábhachtach atá againn maidir le smachtbhannaí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú i gcomhar le húdarais inniúla eile. Cuirfidh muid Creat Tuairiscithe Cripteassócmhainní an ECFE agus an Caighdeán Tuairiscithe Coiteann 2.0 i bhfeidhm sa chríoch baile, roimh na chéad mhalartuithe idirnáisiúnta in 2027. Tacóidh muid le cur chun feidhme agus le hoibriú an Phacáiste Taobh le Taobh comhaontaithe le haghaidh Colún a Dó.
- 3. Tacú le Forbairt an Bheartais Chánach Náisiúnta:** Áireofar leis seo tacaíocht a thabhairt don Roinn Airgeadais maidir le hathchóiriú cánachais úis agus aon bheartas a eascraíonn as an gCompás Creidmheasanna Cánach agus Nuálaíochta Taighde agus Forbartha agus tacaíocht a sholáthar freisin maidir leis an gCáin Mhaoine Tréigthe atá beartaithe.
- 4. Próisis Reachtacha a Fheabhsú:** Déanfaimid athbhreithniú cuimsitheach agus nuashonrú cuimsitheach ar an Treoir Ioncaim maidir leis an bPróiseas Reachtach d'fhonn feabhas a chur ar ár rannchuidiú le forbairt reachtaíochta.

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs